



POLASÁÍ UM CHOSAINN LEANAÍ

Faofa ag Coiste Stiúrtha Feachtas ar 18 Aibreáin 2015

Athbhreithnithe Nollaig 2017

Athbhreithnithe Márta 2020

Athbhreithnithe 16 Meitheamh 2023

Uimhir Charthanachta: 20052508

Uimhir chláráithe cánach: 4734511F

Clár

1. Réamhrá 3,4
2. Forléargas ar Feachtas 5,6,7
3. Ráiteas Polasaí ar Chosaint Leanaí 8
4. Sainmhíniú ar Dhrochúsáid Leanaí 9,10
5. Faillí nó Drochúsáid Leanaí a aithint 11,12
6. Cód Cleachtais d’fhoireann Feachtas 12, 13,14
7. An tOifigeach Ainmnithe 15,16
8. Nós Imeachta Tuairiscthe 17,18,19,20

AGUISÍNÍ

Aguisín (i) Ráiteas Tiomantais 21
Aguisín (ii)Dualgaisí an Oifigigh Sainordaithe 22


1. Réamhrá

Is éard atá i gceist leis an bpolasaí seo ná dearbhú ar rún Feachtas eispéireas agus timpeallacht shábháilte a chur ar fáil do gach duine óg lena mbíonn an eagraíocht ag plé. Déantar cur síos ann freisin ar na polasaithe agus ar na nósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm ag an eagraíocht d'fhonn an méid seo a leanas a chinntiú:

- go gcosnaíonn Feachtas gach duine óg atá faoina chúram nó faoina mhaoirseacht;
- cur chuige comhsheasmhach (consistent) maidir le cosaint leanaí a aithint agus a chur i bhfeidhm;
- go bhfuil ar chumas Oifigeach Sainordaithe Feachtas déileáil go heolasach agus go muiníneach le saincheisteanna cosanta leanaí;
- go bhfuil ar chumas choiste, fhoireann agus oibrithe deonacha Feachtas cinntí oiriúnacha a dhéanamh le linn dóibh a bheith ag déileáil le saincheisteanna cosanta leanaí;
- go mbíonn Feachtas réamhghníomhach i ndáil le hearcaíocht agus le réimsí eile d'fhonn an riosca a bhaineann le saincheisteanna cosanta leanaí a laghdú;
- deimhniú a thabhairt do dhaoine óga go rachfar i ngleic le haon ábhar inní atá acu go héifeachtach agus go tuisceanach.

Tá foireann Feachtas lántiomanta do chur chuige a thugann aird ar riachtanais na hóige inár gcuid oibre. Dearbhaíonn muid go gcuirtear timpeallacht agus taithí shábháilte ar fáil ag imeachtaí Feachtas, áit a dtugtar tús áite i gcónaí d'fholláine agus do leas an duine óg. Tá Polasaí Cosanta Leanaí Feachtas ag teacht leis na moltaí in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2011*.


Is cáipéis fhorásach (growing/changing) é seo agus déanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar an bpolasaí chun nithe éagsúla a chur san áireamh ar nós aiseolas, dea-chleachtas agus/nó reachtaíocht a d'athraigh sa tréimhse sin agus leasófar an polasaí dá réir.

A handwritten signature in black ink on a light grey background. The signature is written in a cursive style and reads "Loretta Ní Churraighín".

Loretta Ní Churraighín

Oifigeach Sainordaithe Feachtas

Dáta: 16 Meitheamh 2023

A handwritten signature in black ink on a light brown background. The signature is written in a cursive style and reads "Aoife Nic Lughaidh".

Aoife Nic Lughaidh

Oifigeach Ainmnithe Feachtas

Dáta: 16 Meitheamh 2023

2. Forléargas ar Feachtas

Fís

Go spreagtar daoine óga, trí rannpháirteachas in imeachtaí Feachtas, bheith féinmhuiníneach, gníomhach agus bródúil as an nGaeilge agus go mbeidh pobal na Gaeilge agus sochaí na tíre i gcoitinne níos saibhre dá bharr.

Misean

An Ghaeilge a chur chun cinn i measc daoine óga agus tacú lena bhforbairt phearsanta agus shóisialta trí chlár fiúntach, taitneamhach agus dúshlánach a chur ar fáil i gcomhpháirt leis na daoine óga.

LUACHANNA

Is eagrais neamhsheictreach neamhpholaitiúil í Feachtas Óg-Ghluaiseacht Gaeilge.

Tá na luachanna seo ag croílár na hidirghníomhaíochta agus na hoibre a dhéanann muid ar bhonn laethúil in Feachtas.

An Ghaeilge

Is eagrais Gaeilge muid. Is í an Ghaeilge an teanga a úsáidtear i ngach gné dár gcuid oibre.

Daoine deonacha

Is eagrais deonach muid faoi stiúir coiste dheonaigh. Dá bharr sin ní dhéantar aon bhrabús. Caitear gach airgead a thagann isteach ar chur i bhfeidhm an chlár oibre.

Rannpháirteachas

Tá rannpháirteachas deonach daoine óga ag croílár obair óige Feachtas. Lorgaíonn muid i gcónaí go nglacann daoine óga páirt ghníomhach in imeachtaí agus cúrsaí na heagraíochta ar a gconlán féin. Roghnaíonn siad bheith páirteach chun bualadh le cairde nua, spraoi a dhéanamh, a scíth a ligean agus scileanna nua a fhoghlaim – agus gach rud trí mheán na Gaeilge.

Cumhachtú

Oibríonn muid go dian chun go bhfoghlaiméoidh na daoine óga, oibrithe deonacha agus foireann Feachtas scileanna nua ionas go mbeidh siad in ann tionchar dearfach a imirt ar scoil, ina bpobail féin, agus i sochaí na Gaeilge agus sochaí na tíre i gcoitinne. Anuas air sin, tá sé mar aidhm againn tuiscint a thabhairt ar chearta teanga agus a chur ar chumas na ndaoine óga páirt ghníomhach a bheith acu i saol na Gaeilge.

Meas

Léirítear meas ar gach duine óg agus gach ball foirne in Feachtas. Tá meas ar gach duine aonair agus a gcuid láidreachtaí, suimeanna agus pearsantachtaí ar leith. Déanann foireann Feachtas gach iarracht ionracas, dearcadh dearfach, comhoibriú, féinmheas agus meas ar a chéile a léiriú inár gcuid oibre.

Forbairt

Leagann muid béim faoi leith ar fhorbairt phearsanta agus shóisialta an duine óig in Feachtas. Cuirtear clár fiúntach, taitneamhach agus dúshlánach ar fáil i gcomhpháirt leis na daoine óga a bhfuil sé de sprioc aige scileanna agus eolas a sheachadadh ar bhonn céimnitheach.

Timpeallacht shábháilte chompórdach

Déantar gach uile iarracht timpeallacht shábháilte chompórdach a chur ar fáil chun sábháilteacht fhisiciúil agus mhothúchánach daoine óga a chosaint. Tá muid tiománta do chosaint, do shláinte agus d'fholláine an duine óig a ghlacann páirt i gcláir agus in imeachtaí na heagraíochta a chinntiú.

Comhionannas

Cuireann muid an comhionannas chun cinn inár gcuid oibre agus léirítear an meas céanna ar gach duine óg. Bíonn Feachtas ag dréim le heispéireas fiúntach a chur ar fáil do dhaoine óga ó gach cúlra sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch.

Ilchineáltacht

Tá gach duine óg éagsúil óna chéile, le mianta, tuairimí agus riachtanais éagsúla. Aithnítear é seo in Feachtas agus déantar ceiliúradh air. Cuireann muid fáilte roimh gach duine óg a bhfuil suim acu sa Ghaeilge.

3. Ráiteas Polasaí Cosanta Leanaí Feachtas

Tá na modhanna seo a leanas in úsáid ag Feachtas chun na daoine óga a ghlacann páirt in imeachtaí na heagraíochta a chosaint

1. leas ginearálta, sláinte, forbairt agus sábháilteacht na ndaoine óga a chur chun cinn;
2. aitheantas a thabhairt don cheart atá ag na daoine óga go dtabharfaí cosaint dóibh, go gcaithfí go hómósach leo, go dtabharfaí éisteacht dóibh agus go gcuirfí a dtuairimí san áireamh;
3. go bhféadfaí idirghabháil ghasta a dhéanamh i gcás daoine óga atá leochaileach nó i mbaol dochair, chun iad a chosaint ó dhochar mór níos deireanaí;
4. oiliúint i dtaca le cosaint leanaí a chur ar fáil do bhaill foirne/oibrithe deonacha;
5. comhoibriú le gníomhaireachtaí eile agus le gairmeoirí a thugann cúram agus cosaint do dhaoine óga trí eolas a roinnt leo nuair a bhíonn gá leis agus trí oibriú lena chéile chun an toradh is fearr a fháil don duine óg atá i gceist;
6. modh soiléir slán a ghlacadh maidir le baill foirne agus oibrithe deonacha a earcú agus a roghnú agus é sin a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
7. treoir agus nósanna imeachta a fhorbairt do bhaill foirne nó d'oibrithe deonacha a bhféadfadh ábhar réasúnta inní a bheith acu faoi shábháilteacht agus leas na ndaoine óga a bhfuil baint acu leis an eagraíocht;
8. Tá Oifigeach Sainordaithe ag Feachtas.
9. Nósanna imeachta soiléire i scríbhinn a bheith ag an eagraíocht faoi cad is cóir a dhéanamh má fhaightear líomhaintí maidir le drochúsáid i gcoinne fostaithe nó oibrithe deonacha;
10. Nósanna imeachta éifeachtacha a fhorbairt le déileáil le gearáin;
11. Nósanna imeachta soiléire a bheith ann i ndáil le taifid a choinneáil faoi ábhair inní maidir le cosaint agus leas daoine óga atá éifeachtach, a chuireann san áireamh mar is cuí a riachtanaí is atá sé a chinntiú go gcoimeádtar taifid den sórt sin slán;

4. Sainmhíniú ar Dhrochúsáid Leanaí

Príomhfhórlacha Reachtaíochta

Is iad seo a leanas na príomhfhórlacha reachtaíochta (main provisions of the legislation) a bhaineann le cearta an duine óig agus a gcuid cosanta. Tugann siad cosaint dóibh siúd a thuairiscíonn imní i dtaca le mí-úsáid leanaí:

An tAcht um Chúram Leanaí (Leasú), 2007

An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998

An tAcht um Chosaint Sonraí, 2003

Forálacha Reachtaíochta Eile

Na Rialacháin um Sláinte agus Sábháilteacht ag an obair, 2007

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997

An tAcht um Fhoréigean Baile, 1996

An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997

An dara plean náisiúnta chun cosc a chur le ceannacht agus díol daone in Éirinn 2016

Reachtaíocht Chosaint Sonraí (GDPR) 2018

Cur síos ar Mhí – úsáid Leanaí faoi chúig cheannteideal

De ghnáth, déantar cur síos ar dhrochúsáid leanaí faoi na cúig theideal seo: faillí, drochúsáid mhothúchánach, drochúsáid chorpártha, drochúsáid ghnéasach agus bulaíocht. D'fhéadfadh níos mó ná drochúsáid de chineál amháin a bheith á fulaingt ag duine óg ag am ar bith. Glactar leis na sainmhínte seo a leanas in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2011*.

(i) Faillí

Is féidir faillí a mhíniú mar easnamh, nuair a fhulaingíonn leanaí díobháil nó lagú suntasach forbartha trí bhia, éide, teas, sláinteachas, spreagadh intleachtúil, maoirsiú, sábháilteacht nó

cúram leighis a cheilt orthu, nó nuair nach mbíonn ceangal acu le daoine fásta nó gean ag daoine fásta orthu.

(ii) Drochúsáid Mhothúchánach

Aimsítear drochúsáid mhothúchánach go hiondúil sa chaidreamh idir tuismitheoir nó cúramóir agus leanbh seachas in eachtra amháin nó i bpatrún eachtraí. Tarlaíonn sé nuair nach sásaítear riachtanas forbartha an linbh maidir le gean, faomhadh, comhsheasmhacht agus slándáil. Mura bhfuil foirmeacha eile drochúsáide i gceist, is annamh a fheictear comharthaí nó airíonna (symptoms) fisiciúla.

(iii) Drochúsáid Chorpartha

Is éard atá i ndrochúsáid chorpartha linbh ná iompar a bhfuil dochar fisiceach iarbhír (actual) nó féideartha (possible) ag baint leis de thoradh idirghníomhaíochta, nó easpa idirghníomhaíochta, atá go réasúnta faoi smacht tuismitheora nó duine i bpost freagrachta, cumhachta, nó iontaobhais.

D'fhéadfadh eachtra amháin a bheith i gceist nó eachtraí arís is arís eile.

(iv) Drochúsáid Ghnéasach (gnéas téacsáil san áireamh)

Tarlaíonn drochúsáid ghnéasach nuair a bhaineann duine eile úsáid as leanbh dá s(h)ásamh nó dá f(h)loscadh gnéasach féin, nó ar mhaithe le sásamh nó floscadh gnéasach daoine eile.

(v) Bulaíocht (féach Polasaí Bulaíochta Feachtas)

5. Faillí nó drochúsáid leanaí a aithint

Rianaítear comharthaí drochúsáide féideartha i gCaibidil 2 agus in Aguisín 1 de Threoirlínte *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2011*

Níor cheart aon táscaire(indicator) ar leith a mheas mar fhianaise chinntitheach ann féin – d’fhéadfadh sé gur comhartha é a bhaineann le dálaí eile seachas drochúsáid leanaí. Caithfear na comharthaí agus airíonna go léir a scrúdú i gcomhthéacs chás an linbh agus chúinsí an teaghlaigh.

Ba chóir do bhaill foirne, coiste agus oibrithe deonacha Feachtas na caibidil ábhartha in *Tús Áite 2011* a léamh. Tá sé de dhualgas ar an **Oifigeach Sainordaithe Feachtas** cóip de *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2011* a chur ar fáil do na daoine thuas luaite.

D’fhéadfadh an cumas atá ag duine drochúsáid leanaí a aithint a bheith ag brath an oiread céanna ar a thoilteanaí is atá an té sin a ghlacadh leis go bhféadfadh drochúsáid tarlú agus bhraithfeadh sé ar an eolas agus an fhaisnéis atá aige nó aici. Bíonn trí chéim i gceist de ghnáth maidir le drochúsáid nó faillí leanaí a aithint:

- (i) breithniú na féidearthachta (féach ar *Tús Áite*)
- (ii) Gan neamhaird a thabhairt ar chomharthaí

drochúsáide

- (iii) taifeadadh faisnéise.

Tugtar sainmhínithe níos iomláine agus samplaí de na céimeanna a bhaineann le drochúsáid nó faillí a aithint i *gcaibidil a Dó de Threoirlínte Tús Áite do Leanaí 2011*.

Seo iad na comharthaí ócáidí a léiríonn drochúsáid agus ar gá taifead a choimeád orthu agus iad a sheoladh chuig na seirbhísí sóisialta/gardaí

Áirítear leo seo:

- (i) Nuair a nochtann duine óg gur baineadh drochúsáid astu caithfear taifead cruinn a dhéanamh de fhocail an dhuine óg agus é ag tuairisciú na drochúsáide

- (ii) súgradh nó eolas gnéasach neamhghnách nó atá neamhoiriúnach de réir aoise;
- (iii) gortuithe sonracha nó gortuithe rialta gan míniú;
- (iv) éalú ó áit chónaithe an teaghlaigh nó ó thimpeallacht chúraim;
- (v) iarracht ar fhéinmharú;
- (vi) toircheas (pregnancy) faoi aois nó galar gnéas-tarchurtha;
- (vii) comharthaí i gcatagóir amháin nó níos mó ag an am céanna. Mar shampla, d'fhéadfadh comharthaí de mhoill forbartha, de ghortú fisiciúil agus comharthaí iompraíochta le chéile, patrún drochúsáide a chur in iúl.

6. Cód Cleachtas d'Fhoireann Feachtas

Ba chóir d'fhoireann Feachtas na dea-chleachtas oibre seo a leanas a leanúint chun a chinntiú go mbeidh gach duine óg sábháilte agus go mbeidh eispéireas fiúntach aige i gcónaí. Tá sé d'fhreagracht ag gach ball foirne caidrimh oscailte, dhearfacha agus thacúla a bhunú a chinnteoidh go mothaíonn gach duine óg go n-éistear leis agus go bhfuil ardmheas orthu, go bhfuil siad sásta, sábháilte agus rannpháirteach. Ba cheart go dtuigeann gach ball foirne ár bpolasaithe in aghaidh na bulaíochta agus i dtaobh chosaint leanaí.

Cur Chuige a dhíríonn ar leas an duine óig

1. Caitheamh go cothrom le gach duine óg mar dhuine aonair, le meas agus dínit á léiriú;
2. Éisteacht le daoine óga agus meas a léiriú orthu;
3. Daoine óga a bheith rannpháirteach i bpróisis déanta cinní, de réir mar is cuí;
4. Spreagadh, tacaíocht agus moladh a chur ar fáil (beag beann ar chumas) chomh maith le haiseolas bríomhar agus cuiditheach a thabhairt;
5. Teanga chúí a úsáid (fisiciúil agus labhartha);
6. Spraoi agus atmaisféar dearfach a chothú;
7. Meas a léiriú ar spás pearsanta an duine óig;
8. Iompair inghlactha a phlé le daoine óga, agus an beart a tharlóidh má sháraítear é;
9. 'Conradh' grúpa a aontú sula dtosaítear ar sheisiún / nuair a bhunaítear club;
10. Aiseolas a lorg ón ngrúpa faoi dhul chun cinn an chúrsa, an tionscnaimh, etc.;
11. Áiseanna agus ábhair atá oiriúnach d'aois na ndaoine óga a úsáid;
12. Dea-shampla a thabhairt;
13. Tuiscint a léiriú do ghníomhaíochtaí eile duine óig nuair atá cleachtaí nó imeachtaí á socrú; e.g. cúrsaí scoile nó scrúduithe;
14. Bheith airdeallach faoi theorainneacha cumais an duine óig, iad a bheith faoi chúram dochtúra mar shampla;

15. Atmaisféar a chothú ina mbíonn iontaoibh ag daoine as a chéile;
16. Meas a léiriú ar dhifríochtaí cumais, cultúir, reiligiúin, cine agus ionannais ghnéasúil.

Dea-chleachtas

1. Taifead a choinneáil ar gach duine óg lena mbíonn an eagraíocht ag plé;
2. Mionsonraí beachta a bhailiú i gcás turais, etc. (ainm, seoladh, fón, riachtanais speisialta, sonraí teagmhála i gcás éigeandála, etc.). An fhoirm chuí le líonadh isteach agus bheith sínithe de réir mar is cuí;
3. Polasaí Cosanta Leanáí Feachtas agus nósanna imeachta a chur in iúl do phríomhchúramóirí, daoine óga, áisitheoirí agus cuairteoirí;
4. Nósanna imeachta i gcás práinne/éigeandála a bheith ar fáil agus an fhoireann a bheith ar an eolas faoi na nósanna sin;
5. Cuidiú le daoine óga le riachtanais speisialta páirt ioncuimsitheach a ghlacadh in ár n-imeachtaí;
6. Aon ábhar inní a chur in iúl don Oifigeach Sainordaithe láithreach chun déileáil leo agus nósanna imeachta i gcomhair tuairiscí den saghas sin a leanúint;
7. Daoine óga a spreagadh chun aon bhulaíocht, ábhar inní nó buartha a chur in iúl, agus le tuiscint a bheith acu ar an bpolasai frithbhulaíochta;
8. Meastóireacht a dhéanamh ar chleachtais oibre go rialta agus athbhreithniú a dhéanamh orthu de réir mar is cuí;
9. Oiliúint agus traenáil chuí a sholáthar do bhaill foirne agus d'oibrithe deonacha;
10. Taifead agus tuairisc a dhéanamh ar aon tarlúintí
11. Polasaithe agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus a thabhairt suas chun dáta go rialta;
12. Feitheoireacht chuí a chinntiú bunaithe ar choibhnis chuí de réir aoise, cumais agus gníomhaíochtaí; cothromas inscne a chinntiú in imeachtaí cónaitheacha;
13. Níor chóir do bhall foirne daoine óga atá faoi bhun 18 mbliana a thógáil leis/léi féin ina c(h)arr féin nó bualadh leo é/í féin lasmuigh d'imeachtaí struchtúrtha de chuid

na heagraíochta. I gcásanna nach féidir a leithéid de shocrú a sheachaint, ní mór go mbeadh tuismitheoirí/caomhnóirí agus ball sinsearach den fhoireann ar an eolas faoi agus cead faighte uathu trí théacs/ríomhphost

14. Ba cheart go seachnódh ball foirne a bheith ina (h)aonar le duine óg, más féidir. I gcásanna nach féidir a leithéid de shocrú a sheachaint, áfach, ba cheart tréaniarracht a dhéanamh a leithéid de chruinniú a reáchtáil i dtimpeallacht oscailte (áit a bhfuil an ball foirne le feiceáil go soiléir ag daoine eile), agus ní mór an doras a fhágáil oscailte agus duine fásta eile a bheith curtha ar an eolas faoin gcruinniú.
15. Níor cheart d'fhoireann Feachtas teagmháil phríobháideach a dhéanamh le daoine óga a casadh orthu trí obair Feachtas ag baint úsáide as teachtaireachtaí téacs, ríomhphoist, Facebook, Twitter ná aon cheann de na meáin shóisialta eile, ach amháin nuair a bhaineann sé go dlúth le hobair Feachtas.

Teagmháil Fhísiciúil

- Ba chóir imirt gharbh nó teagmháil mhíchuí idir ball foirne agus duine óg a sheachaint
- Ba choir a sheiceáil go bhfuil gach duine ar a chompord nuair atáthar ag déanamh gníomhaíochtaí a mbíonn teagmháil fhísiciúil i gceist leo;

Sláinte agus Sábháilteacht

- Ná fág leanaí/daoine óga gan cinnire a bheith i bhfeighil nó i gceannas orthu;
- Déan cinnte go láimhseáltar ábhair chontúirteacha go cúramach mar shampla lasáin, ábhar ealaíne.
- Cuir timpeallacht shlán shábháilte ar fáil;
- Bí eolach ar na nósanna imeachta is cóir a leanúint i gcás timpiste agus lean i gcónaí iad.
- Ná caith toitíní, ná hól alcól agus ná húsáid drugaí i gcomhluadar na ndaoine óga ariamh.

7. An tOifigeach Sainordaithe

Ceapann Feachtas Óg-Ghluaiseacht Gaeilge oifigeach sainordaithe i gcónaí agus ba cheart teagmháil a dhéanamh léi/leis má tá ceist nó ábhar inní faoi aon ghné de shábháilteacht nó de leas linbh nó duine óig ar an láthair oibre nó má nochtar eolas duit maidir le mí-úsáid sa láthair oibre. Is é dualgas an duine seo comhairle agus tacaíocht a thabhairt don fhoireann faoi bheartais agus faoi nósanna imeachta maidir le cosaint leanaí, agus a chinntiú go leantar na nósanna sin. Tá an tOifigeach Sainordaithe freagrach freisin as eolas a chur ar fáil don té atá ainmnithe i Seirbhís Leanaí agus Teaghlaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) nó don nGarda Síochána i gcás éigeandála nuair nach bhfuil fáil ar FSS nuair is cuí sin.

Ról an Oifigh Sainordaithe

1. A chinntiú go gcloítear le polasaithe agus nósanna imeachta Cosanta Leanaí san eagraíocht, agus go gcuirtear an FSS ar an eolas maidir le húdar inní i dtaobh daoine óga faoi leith;
2. Comhairle maidir le dea-chleachtas agus treoirlínte Cosanta Leanaí a thabhairt;
3. Teagmháil a dhéanamh le FSS, an Garda Síochána agus gníomhaireachtaí eile de réir mar is cuí;
4. Ábhar amhrais agus líomhaintí mí-úsáide leanaí a thuairiscí do FSS nó don Garda Síochána;
5. Cathaoirleach Feachtas a choinneáil ar an eolas maidir le hábhar amhrais agus líomhaintí mí-úsáide leanaí;
6. Taifid bheachta a choinneáil ar gach eachtra míúsáidte a nochtaítear dúinn i mbealach slán faoi rún;
7. A chinntiú go bhfuil gach ball foirne agus oibrí deonach eolach ar ról an Oifigh Ainmnithe agus go ndéanann siad cúrsaí feasachta um chosaint leanaí;
8. Coinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí i dtaobh soláthair, cleachtais, seirbhísí tacaíochta, oibleagáid dhlíthiúla, etc.

8. Nós Imeachta Tuairiscithe

Tá gnáthnós imeachta do thuairisciú curtha i bhfeidhm ag Feachtas chun déileáil le nochtadh faisnéise, le hábhar inní nó líomhaintí a bhaineann le mí-úsáid leanaí.

Is ionann gnáthnós imeachta na heagraíochta agus an nós imeachta atá leagtha amach sa cháipéis *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*.

Ba chóir don fhoireann taifead a choimeád ar an eolas seo a leanas i dtaobh daoine óga:

1. Cúiseanna amhrais;
2. Ábhar buartha;
3. Rudaí a chonacthas a chuir inní orthu;
4. Athrú suntasach in iompar daoine;
5. Gníomhaíochtaí agus torthaí. / Tuairisc a thabhairt don Oifigeach Sainordaithe faoi céard a déantar nuair a insíonn duine óg rud éigin tromchúiseach;
 - i. Fan socair agus éist leis an duine óg, tabhair dóthain ama dó/di chun a bhfuil le rá aige/aici a rá;
 - ii. Cuir an duine óg ar a s(h)uaimhneas ach ná tabhair aon ghealltanas dó/di maidir leis an eolas a choimeád rúnda
 - iii. Ná cuir ceisteanna claonta agus ná héiligh sonraí Ná cabhraigh agus ná cuir le hinsint an scéil
 - iv. Ná hiarr ar an duine óg na sonraí a athrá murar gá;
 - v. Abair leis an duine óg go raibh an ceart aige/aici insint do dhuine éigin céard a tharla dó, ach ná geall aon rud a choimeád faoi rún;
 - vi. Mínigh don duine óg cad é an chéad rud eile a tharlóidh (ba chóir don mhíniú a bheith oiriúnach d'aois an duine óig);
6. Ba chóir taifead i bhfoirm scríbhinn a choimeád ar na sonraí go léir, dáta, am agus daoine atá bainteach san áireamh (féach thíos?);
7. Cuirfear an t-eolas seo in iúl don Oifigeach Sainordaithe ansin i bhfoirm scríbhinn agus ó bhéal;

- Déanfaidh an tOifigeach Sainordaithe gach beart atá riachtanach chun an t-eolas/tuairisc a chur chuig FSS.

Nósmhaireachtaí Tuairiscithe

1. Tá nósanna soiléire tuairiscithe forbartha ag Feachtas chun déileáil le haon cheisteanna a bhaineann le sábháilteacht agus le leas an duine óig. Ba cheart go mbeadh na nósanna tuairiscithe seo ar eolas go maith ag gach ball foirne / oibrí deonach a bhíonn ag plé le Feachtas.
2. Ba chóir an té a chuireann a b(h)uairt in iúl a choimeád ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú;
3. Ba chóir taifead a choimeád ar na sonraí go léir: dáta, am agus daoine atá bainteach san áireamh;
4. Ba chóir taifead a choimeád ar na céimeanna a tógadh go dtí seo;
5. Ba chóir d'aon eolas a thaifeadtar cloí leis na fíricí;
6. Ba chóir gach eolas a thabhairt do Oifigeach Sainordaithe Feachtas chun déileáil le ceisteanna a bhaineann le cosaint leanaí nó lena (h)ionadaí, mura bhfuil fáil air/uirthi;
7. Ba chóir don té is oiriúnaí, an t-ábhar imní a phlé nó labhairt leis na tuismitheoirí/caomhnóirí faoi. Ba chóir go mbeadh siad ar an eolas faoi aon tuairisc a dhéanfar, (ach sa chás go méadódh sé an chontúirt atá ag bagairt ar an duine óg);
8. Tá cead ag an Oifigeach Sainordaithe teagmháil a dhéanamh le Roinn Dualgais Obair Shóisialta ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte d'fhonn comhairle neamhfhoirmiúil a fháil sula ndéanann sé/sí a t(h)uairisc (i.e. Tusla)
9. Is féidir leis an Oifigeach Sainordaithe tuairiscí a dhéanamh ó bhéal ar dtús leis an Oibrí Sóisialta ar Dualgas, agus a chur isteach ina dhiaidh sin ar an ngnáthfhoirm. Ba chóir tuairiscí a dhéanamh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gan aon mhoill;
10. Mura bhfuil an tOifigeach Sainordaithe nó a (h)ionadaí ar fáil, déan teagmháil le hoibrí sóisialta áitiúil de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte atá ar dualgas ag an am (idir a 9.00 agus 5.30);

11. I gcásanna práinneacha lasmuigh d'uaireanta oifige Rannóg Shóisialta de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, déan teagmháil leis na Gardaí. Más cás atá i gceist ina bhfuil sábháilteacht an duine óig i mbaol go díreach ag an bpointe ama sin, d'fhéadfadh sé go mbeidh sé riachtanach teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí.

Faisnéis atá le cur san áireamh agus tuairisc á déanamh

Braitheann an cumas atá ag Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS nó an Gharda Síochána measúnú agus iniúchadh a dhéanamh ar líomhaintí faoi dhrochúsáid leanaí, nó ar an amhras a léiríonn daoine faoi, ar mhéid agus ar cháilíocht na faisnéise a thugann na daoine sin a léiríonn a n-imní dóibh. Ba chóir oiread agus is féidir de na sonraí seo a leanas a chur ar fáil:

- (i) ainm, seoladh agus aois an duine óig (nó daoine óga) faoina bhfuil an tuairisc á déanamh;
- (ii) ainm na scoile ar a bhfuil an duine óg ag freastal;
- (iii) ainm agus sonraí teagmhála an duine atá ag tuairisciú an ábhair imní;
- (v) gaol an tuairisceora leis an duine óg;
- (vi) cuntas iomlán faoin mbonn atá leis an ábhar imní i ndáil le cosaint agus leas an duine óg nó na ndaoine óga, m.sh. mionsonraí faoin líomhain, faoin eachtra, dátaí, tuairisc ar aon díobhálacha, srl;
- (vii) ainmneacha agus seoltaí tuismitheoirí nó cúramóirí an duine óg nó na ndaoine óga;
- (viii) ainmneacha na ndaoine óga eile atá sa teaghlach más eol duit iad;
- (ix) ainm, seoladh agus sonraí an duine a bhfuil líomhaintí déanta faoi;
- (x) tuairim an duine óg féin agus/nó na dtuismitheoirí nó na gcúramóirí más eol agus ábhartha;
- (xi) ainmneacha agus seoltaí pearsanra nó gníomhaireachtaí eile a bhfuil baint acu leis an duine óg nó leis na daoine óga a fháil más féidir, m.sh. dochtúir, oibrí sóisialta, altra sláinte poiblí, Gardaí, srl;
- (xii) aon fhaisnéis ábhartha eile

Cásanna nár tuairiscíodh do Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ná don Gharda Síochána

Sna cásanna sin ina ndéanann an eagraíocht cinneadh gan ábhar imní a nochtadh do FSS ná don Gharda Síochána ba chóir ráiteas soiléir i scríbhinn a thabhairt don fhostaí nó don oibrí deonach a tharraing aníos an t-ábhar imní ag insint na gcúiseanna nach bhfuil an eagraíocht ag déanamh aon rud faoin scéal. Ba chóir a mheabhú don fhostaí nó don oibrí deonach sin go bhféadfaidh siad dul i gcomhairle leis an nGarda Síochána nó le FSS nó tuairisc a thabhairt dóibh má tá imní orthu fós faoin scéal. Beidh feidhm le forálacha an Achta um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998 má thugann siad tuairisc dóibh 'go réasúnach agus de mheon macánta' (féach Mír 3.10.1 Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí).

Cosaint dhlíthiúil

Tugann an tAcht um Chosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998 cosaint ar dhliteanas sibhialta do dhaoine a thuairiscigh drochúsáid leanaí 'go réasúnach agus de mheon macánta' d'oifigigh ainmnithe de chuid FSS nó do bhall ar bith den Gharda Síochána (féach *Aguisín 10 Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*). Tá an chosaint seo le fáil ag eagraíochtaí chomh maith le daoine aonair.

Ciallaíonn sé seo, fiú dá bhfaighfí amach nach raibh bunús ar bith le hamhras a cuireadh in iúl faoi dhrochúsáid leanaí, go mbeadh ar ghearánaí a thionscnódh caingean a chruthú i gcás an duine a thuairiscigh an tábhar imní sin nár ghníomhaigh sé nó sí go réasúnach agus de mheon macánta.

Agúisín 1

Ráiteas Tiomantais

Tuigim na caighdeáin agus nósanna imeachta atá sonraithe i bPolasaí Cosanta Leanaí Feachtas. Táimse sásta cloí leo.

Ainm: _____

Sínithe: _____

TeidealPoist/Ról: _____

Dáta: _____

Agúisín 2

Dualgaisí Oifigeach Sainordaithe Feachtas

Gach Mí

Seiceáil mhíosúil a dhéanamh ar ghrinnfhiosrúchán, fhoirmeacha iarratais, aitheantais & seiceáil an bhfuil polasaithe a bhaineann le cúram leanaí curtha i bhfeidhm.

Beidh “Cosaint Leanaí” mar mhír ag gach cruinniú den gcoiste amach anseo faoi “Tuairisc an Bhainisteora agus Cosaint Leanaí”

Gach bliain

Áit a bheith acu ar an bhfochoiste polasaithe.

Comhoibriú le lucht oifige & fochoiste polasaithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaithe cuí.

A bheith mar Oifigeach Sainordaithe Feachtas don eagraíocht

“Is é dualgas an duine seo comhairle agus tacaíocht a thabhairt don fhoireann faoi bheartais agus faoi nósanna imeachta maidir le cosaint leanaí, agus a chinntiú go leantar na nósanna sin. Tá an tOifigeach Sainordaithe freagrach freisin as eolas a chur ar fáil chuig an té atá ainmnithe i Seirbhís Leanaí agus Teaghlaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) nó chuig an nGarda Síochána i gcás éigeandála nuair nach bhfuil fáil ar FSS nuair is cuí sin.” (Polasaí um Chosaint Leanaí Feachtas, 2015)

